# Asarlaí Oz

Eochairfhocail: draoi, ceoldráma, idirbhliain, stáitsíocht, traidisiún, amharclann

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1.Cén fhad atá an ceoldráma cáiliúil The Wizard of Oz á léiriú ar stáitsí ar fud an domhain?
2.Cén chathair ina bhfuil an scoil atá faoi chaibidil sa mhír nuachta seo suite?
3.Cén bhliain ina bhfuil na daltaí ó Choláiste na Coiribe a chuirfidh The Wizard of Oz chun stáitse?
4.Cathain a bheidh an ceoldráma ar taispeáint?
5.Cathain a chuireann na daltaí agus na múinteoirí tús leis an obair ar fad don cheoldráma gach bliain?
6.An í seo an chéad uair ag daltaí idirbhliana Choláiste na Coiribe ceoldráma a dhéanamh?
7.Cad a dhéanann na ceoldrámaí ar bhealach éifeachtach, dar le Deirbhile Ní Bhrolcháin?
8.Ainmnigh an amharclann i gcathair na Gaillimhe a mbeidh an ceoldráma ar siúl inti an tseachtain seo chugainn.
9.Ainmnigh rud amháin a chaithfidh na haisteoirí a dhéanamh le linn an cheoldráma, de réir fhianaise na míre nuachta seo.
10.Ar mhaith leat féin páirt a ghlacadh i gceoldráma? Cén fáth?

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta:



Líon na bearnaí;

Scéal Asarlaí Oz, uachtar, filleadh, cónaí, sála, tornádó, Buaileann, áit, Buí, Meiriceá, gnáthfhear.

Is scéal é Asarlaí Oz faoi chailín óg darb ainm Dorothy arb as Kansas i _________ di. Lá amháin, scuabtar Dorothy chun siúil óna cheantar dúchais nuair a réabann _______ tríd an gceantar. Fágtar an cailín bocht, i bhfad ó bhaile, in ___ dhraíochtúil darb ainm Oz. Teastaíonn uaithi _______ abhaile. Tuigtear di gurb í an t-aon chaoi a bhféadfadh sí filleadh abhaile ná Bóthar na mBrící ____ a leanúint go Cathair na Smaragaide. Is i gCathair na Smaragaide atá ______ ar Asarlaí Oz agus is aige sin atá an chumhacht cabhrú le Dorothy filleadh ar Kansas. _________ Dorothy le carachtair eile darb ainm an Fear Bréige, an Fear Stáin agus an León Meata ar an mBóthar. Faigheann sí an lámh in _______ ar Chailleach Olc an Iarthair i rith an scéil agus ag an deireadh taibhsítear di nach bhfuil in Asarlaí Oz ach _________. Taibhsítear di chomh maith gur aici féin a bhí an chumhacht filleadh abhaile riamh anall, níl le déanamh aici ach a _____ a bhuaileadh ar a chéile agus is ar ais i Kansas a bheidh sí.



# Gníomhaíocht scríbhneoireachta

Samhlaigh gur duine de na daltaí idirbhliana i gColáiste na Coiribe tú atá ag glacadh páirte sa cheoldráma. Déan cur síos gearr ar an gcaoi a mothófá cúpla uair an chloig roimh an seó. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat. Is leor 150 focal sa chur síos.

| | |
|---|---|
| ar bís | mothaím |
| anocht | an-chuid cleachtaidh déanta |
| criú | atmaisféar beomhar, bríomhar |
| Is fada liom go dtiocfaidh... | neirbhíseach |
| beidh mo ...... i láthair anocht | amharclann bheag |



## Freagraí

1.Breis is céad bliain
2.Cathair na Gaillimhe
3.An idirbhliain
4.An tseachtain seo chugainn
5.Deireadh bhliain a trí
6.Ní hí/tá traidisiún fada stáitsíochta ag an scoil
7.Bíonn meascán de mhothúcháin agus de théamaí iontu, sonas agus donas is araile
8.An Dubhlann
9.Rince, canadh, caint, aisteoireacht

Is scéal é Asarlaí Oz faoi chailín óg darb ainm Dorothy arb as Kansas i Meiriceá di. Lá amháin, scuabtar Dorothy chun siúil óna cheantar dúchais nuair a réabann tornádó tríd an gceantar. Fágtar an cailín bocht, i bhfad ó bhaile, in áit dhraíochtúil darb ainm Oz. Teastaíonn uaithi filleadh abhaile. Tuigtear di gurb í an t-aon chaoi a bhféadfadh sí filleadh abhaile ná Bóthar na mBrící Buí a leanúint go athair na Smaragaide. Is i gCathair na Smaragaide atá cónaí ar Asarlaí Oz agus is aige sin atá an chumhacht cabhrú le Dorothy filleadh ar Kansas. Buaileann Dorothy le carachtair eile darb ainm an Fear Bréige, an Fear Stáin agus an León Meata ar an mBóthar. Faigheann sí an lámh in uachtar ar Chailleach Olc an Iarthair i rith an scéil agus ag an deireadh taibhsítear di nach bhfuil in Asarlaí Oz ach gnáthfhear. Taibhsítear di chomh maith gur aici féin a bhí an chumhacht filleadh abhaile riamh anall, níl le déanamh aici ach a sála a bhuaileadh ar a chéile agus is ar ais i Kansas a bheidh sí.